**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2022/2105(DEC)**

27.1.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh 2021: Buiséad ginearálta an Aontais – An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne
(2022/2105(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Monika Vana

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; de bhrí go luaitear in Airteagal 8 CFAE go mbeidh sé mar aidhm ag an Aontas ina chuid gníomhaíochtaí uile neamhionannais a dhíothú, lena mbunófar prionsabal an phríomhshruthaithe inscne;

B. de bhrí go raibh tionchar ar leith ag iarmhairtí phaindéim COVID, ag an gcogadh san Úcráin, agus ag frithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban, go háirithe sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) i roinnt Ballstát, ar an gcomhionannas inscne san Aontas; de bhrí go bhfuil baol ann go ndéanfar difear díréireach do mhná a mhéid a bhaineann leis an ardú ar phraghsanna fuinnimh agus ar chostais mhaireachtála i gcoitinne; de bhrí, mar gheall air sin, go bhféadfaí neamhionannais a dhéanamh níos measa agus bac a chur ar an gcomhionannas inscne; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh taighde ar thionchar inscne na bochtaineachta fuinnimh san Aontas Eorpach; de bhrí gurb ionann an tInnéacs Comhionannais Inscne in 2022 agus 68,6 ar fud an Aontais, is é sin agus méadú 0.6 air ó 2021 i leith, rud a léiríonn gur mall luas an Aontais i dtreo an chomhionannais inscne;

C. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais, gur EUR 8 692 878 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (‘EIGE’) don bhliain airgeadais 2021, arb ionann é agus méadú 12,17 % i gcomparáid le 2020; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais a eascraíonn buiséad iomlán na hInstitiúide;

1. á mheabhrú gur bunaíodh EIGE chun rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne san Aontas a chur chun cinn agus a neartú; á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag EIGE maidir leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn in AE amhail taighde agus sonraí a sholáthar; ar cúram é ar léir go bhfuil sé ríthábhachtach agus éifeachtach, agus dá bhrí sin, á chur sí i bhfios go láidir gur gá acmhainní airgeadais agus daonna atá leordhóthanach agus cobhsaí a sholáthar do EIGE chun a chúraimí a chomhlíonadh; á mheabhrú gurb é cúram na hinstitiúide faisnéis maidir leis an gcomhionannas inscne a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh agus uirlisí modheolaíochta a fhorbairt, a anailísiú, a mheas agus a scaipeadh chun tacú leis an gcomhionannas inscne a chomhtháthú i mbeartais uile an Aontais agus sna beartais náisiúnta a eascraíonn astu; ag spreagadh comhoibrithe idir EIGE agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh;

2. á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach idir EIGE agus an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne; á chur i bhfáth gur féidir le EIGE rannchuidiú luachmhar a dhéanamh le coistí uile na Parlaiminte, chun gné na hinscne a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i mbeartais uile an Aontais; á aithint go bhfuil speisialtóireacht agus léargas ag EIGE, go háirithe maidir le sonraí a sholáthar agus measúnú a dhéanamh ar bheartais na mBallstát;

3. á mheabhrú, go háirithe i gcomhthéacs an tionchair mharthanaigh atá ag paindéim COVID-19 ar an gcomhionannas inscne chomh maith leis an ardú ar phraghsanna

fuinnimh agus ar chostais mhaireachtála, go bhfuil gá le méadú ar an mbuiséad agus ar acmhainní daonna chun go gcomhlíonfaidh EIGE a fheidhmeanna go leormhaith agus chun faireachán, anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar an staid agus ar a tionchar ar chearta na mban agus ar an gcomhionannas inscne;

4. á mholadh, agus measúnú na hinstitiúide féin ar a riachtanais á chur san áireamh, go ndéanfaí níos mó foirne agus cistiú leordhóthanach a leithdháileadh ar EIGE chun déileáil le méadú suntasach ar na hiarrataí ar chúnamh teicniúil maidir le príomhshruthú inscne amhail, mar shampla, chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar an tionchar, ar tionchar é atá ag dul in olcas, atá ag géarchéimeanna sóisialta, eacnamaíocha agus aeráide atá comhleanúnach agus éagsúil ar mhná agus ar an gcomhionannas inscne, agus ar fhrithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban, i roinnt Ballstát agus ar fud an domhain;

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil ardleibhéal leanúnach forghníomhaithe buiséid ag EIGE, in ainneoin ghanntanas leanúnach foirne na gníomhaireachta, le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas suas le 98,92 % in 2021 (i gcomparáid le 97,75 % in 2020), agus ráta laghdaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí de 72,16 % (74,82 % in 2020);

6. á aithint gur tháinig méadú go 54,79 % ar chaiteachas oibriúcháin EIGE a tugadh anonn in 2022 (49,49 % in 2021);

7. ag tabhairt dá haire gur dheimhnigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla EIGE, i ngach gné ábhartha, a staid airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2021 agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna;

8. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil faoi láthair, gur féidir urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir EIGE i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad EIGE don bhliain airgeadais 2021.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.1.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 7<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Christine Anderson, Simona Baldassarre, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Margarita de la Pisa Carrión, Gwendoline Delbos-Corfield, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Lívia Járóka, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Karen Melchior, Johan Nissinen, Carina Ohlsson, Sirpa Pietikäinen, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Christine Schneider, Michal Šimečka, Sylwia Spurek, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sylvie Brunet, Virginie Joron, Marina Kaljurand, Predrag Fred Matić |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Paola Ghidoni |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| PPE | Isabella Adinolfi, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Arba Kokalari, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Sirpa Pietikäinen, Christine Schneider, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| Renew | Sylvie Brunet, Karen Melchior, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Michal Šimečka |
| S&D | Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Marina Kaljurand, Predrag Fred Matić, Carina Ohlsson, Evelyn Regner |
| The Left | Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek |

| 7 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Christine Anderson, Simona Baldassarre, Paola Ghidoni, Virginie Joron |
| NI | Lívia Járóka |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh